



**An Roinn Iompair**  
**Department of Transport**

**An Roinn Iompair**

**ACHT NA**  
**DTEANGACHA**  
**OIFIGIÚLA 2003**  
**SCÉIM TEANGA**  
**2021 - 2024**

## Ábhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra.....	3
1.1 Réamhrá .....	3
1.2 Ullmhú na Scéime.....	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime .....	4
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar an Roinn Iompair .....	5
2.1 Misean agus Spriocanna.....	5
2.2 Príomhfheidhmeanna na Roinne .....	5
2.3 Struchtúr na Roinne .....	6
2.4 Réimsí Feidhme na Roinne .....	6
2.5 Ár gCustaiméirí.....	7
Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach.....	8
Caibidil 4: Feabhas a chur ar sholáthar Seirbhísí Gaeilge.....	9
Caibidil 5: Feabhas a chur ar sholáthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta.....	17
Caibidil 6: Cumas Gaeilge a Fheabhsú.....	18
6.1 Earcaíocht.....	18
6.2 Oiliúint agus Forbairt.....	18
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge.....	20
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	21
Caibidil 8: An Scéim Chomhaontuithe a Phoibliú.....	23
Aguisíní .....	24
Aguisín 1 – Suíomhanna agus Sonraí Teagmhála na Ranna .....	24

## Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

Foráiltear Acht na dTeangacha Oifigiúla go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim Teanga ina dtabharfar mionsonraí faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fail:

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla; agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanfaidh an scéim teanga i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndeimhníonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim nua, cibé acu is déanaí.

Cruthaíodh an scéim chun cur chuige comhaontaithe a chur ar fáil don Roinn lena cuid oibleagáidí i leith na Gaeilge a chomhlíonadh ina gnóthaí laethúla sna trí bliana atá romhainn mar chuid den tSeirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, le haird á thabhairt ar an méid atá indéanta le réasún fad a fhéachtar chomh maith cur leis an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn i gcur chun feidhme scéimeanna roimhe seo.

### 1.2 Ullmhú na Scéime

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá an Scéim bunaithe ar gach ceann de na gealltanais a tugadh in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár comhlíonadh gealltanais i scéimeanna roimhe seo go hiomlán go dtí seo, beidh plé le déanamh air sin le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tugtar aitheantas agus buíochas do gach éinne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo as ucht a gcuid ama agus iarrachta.

### 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tá aird chuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ina theannta sin, bhí próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ann leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá an Roinn Iompair faoi threoir an phrionsabail gur chóir go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- Leibhéal an éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir le soláthar na seirbhísí sin, agus
- Na hacmhainní, acmhainní daonna agus airgeadais san áireamh, agus cumas an chomhlachta i gceist an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairte Custaiméirí. Tá sé curtha le chéile le hintinn go ndíreofar go hiomlán ar gach dhualgas ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ag an Roinn Iompair ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus scéimeanna amach anseo.

Tá an Scéim bunaithe ar gach ceann de na gealltanais a tugadh in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár comhlíonadh gealltanais i scéimeanna roimhe seo go hiomlán go dtí seo, beidh plé le déanamh air sin le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tugtar aitheantas agus buíochas do gach éinne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo as ucht a gcuid ama agus iarrachta.

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tiocfaidh sí in éifeacht ar 12 Aibreán 2021. Beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana, nó go dtí go ndeimhnítear scéim nua, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar an Roinn Iompair

### 2.1 Misean agus Spriocanna

Bunaíodh an Roinn Iompair ar an 17 Meán Fómhair 2020 agus is é an misean atá aige ná: Chun córas iompair inrochtana, éifeachtach, sábháilte agus inbhuanaithe a sheachadadh a thacaíonn le pobail, teaghlaigh agus gnólachtaí.

### 2.2 Príomhfheidhmeanna na Roinne

Tá ról lárnach ag an Roinn maidir le beartas Rialtais a cheapadh, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i réimsí na forbartha iompair. Tugann an Roinn comhairle agus tacaíocht freisin don Aire Iompair, do na hAirí Stáit sa Roinn agus don Rialtas sna réimsí seo.

Tá an Roinn eagraithe i gcúig réimse earnála a léiríonn aonaid fheidhmiúla ar leith agus fairsinge a sainchúraim reachtúil. Is iad seo a leanas na cúig earnáil:

- Eitlíocht
- Gnóthaí Corparáideacha agus Comhordú Beartais Lárnach
- Muirí
- Iompar Poiblí, Inbhuanaitheacht agus Athrú Aeráide
- Iompar ar Bóthar agus Aonaid Imscrúduithe ar Timpistí

Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne, is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil na n-earnálacha:

- **Nascacht**  
Naisc iompair a chothabháil agus a fhorbairt idir teaghlaigh, pobail agus gnólachtaí ar oileán na hÉireann agus ár nascacht idirnáisiúnta a chinntiú, gné thábhachtach í chun ár ngeilleagar a fhorbairt.
- **Aeráid agus Inbhuanaitheacht**  
Cinntiú go bhfuil ár modhanna iompair inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus go sóisialta.
- **Sábháilteacht, Slándáil agus Inrochtaineacht**  
Sábháilteacht, slándáil agus inrochtaineacht do gach duine a chur i gcroílár ár mbeartais iompair.

- **Rialáil Éifeachtach**

Bheith ag súil le hathrú agus creataí rialála a chruthú atá oiriúnach dá bhfeidhm, a sheasfaidh an aimsir agus a chinntíonn na caighdeáin is airde.

- **Rannpháirtíocht an Phobail**

Éisteacht leis an bpobal, ag cosaint comhionannais agus cearta an duine agus forbairtí teicneolaíochta a úsáid chun seirbhísí a fheabhsú.

- **Sármhaitheas Eagraíochtúil agus Nuálaíocht**

Ag obair chun freastal ar an bpobal agus ar a n-ionadaithe tofa, ag nuáil agus ag feabhsú i gcónaí.

### **2.3 Struchtúr na Roinne**

Tá an Roinn leagtha amach de réir réimse beartas ina bhfuil cúig réimse beartas / bainistíochta ar leith faoi cheannas Rúnaithe Cúnta a chomhdhéanann, i dteannta leis an Ard-Rúnaí, Bord Bainistíochta na Roinne.

Tá foireann na Roinne i mBaile Átha Cliath lonnaithe i Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Tá baill foirne lonnaithe chomh maith sa tSionainn, i mBaile Locha Riach agus ag Stáisiún éagsúla de chuid an Gharda Cóta ar fud na tíre.

Is féidir eolas teagmhála maidir leis na hoifigí thuas a fháil in [Aguisín 1](#).

### **2.4 Réimsí Feidhme na Roinne**

Tá tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí gach réimse feidhme agus aonaid de chuid na Roinne le fáil i Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise na Roinne. Tháinig an Scéim i bhfeidhm ar an 14 Aibreán, 2016.

Béarla – Scéim [Foilsithe um Shaoráil Faisnéise](#)<sup>1</sup>

Gaeilge – Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise – á tabhairt chun críche

Ina theannta sin, leagtar freagrachtaí ar leith maidir leis na hearnálacha iompair ar roinnt gníomhaireachtaí Stáit, a thuariscíonn chuig an Roinn. Is faoi na gníomhaireachtaí sin atá sé a gcuid scéimeanna féin a chur i dtoll a chéile de réir an Achta.

---

<sup>1</sup> <https://www.gov.ie/en/organisation-information/45306e-freedom-of-information-foi-publication-scheme/>

## 2.5 Ár gCustaiméirí

Is Roinn beartais í an Roinn Iompair go príomha. Léiríonn ár mbonn custaiméirí an raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí a thagann faoinár dtéarmaí tagartha. I measc ár gcustaiméirí áirimid go sonrath an tAire agus an tAire Stáit, baill eile an Oireachtais, baill aonair den phobal, comhlachtaí ionadaíochá atá ag gabháil leis na hearnálacha a bhfuilimid freagrach astu, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile, an tAontas Eorpach, na meáin, agus grúpaí deonacha a dtugann a leasanna agus a n-ábhar inní iad i dteagmháil leis an Roinn.

Tá cur i bhfeidhm roinnt gnéithe de bheartais na Roinne anois faoi chúram raon comhlachtaí a bhfuil an Roinn freagrach go foriomlán astu. Bíonn déileáil go díreach ag na comhlachtaí sin leis an bpobal agus is féidir tuilleadh eolais a fháil orthu tríd an nasc seo a leanas [Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne](#).

### Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Léirigh, le do thoil, cén teanga a chuirtear ar fáil do sheirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.

#### Soláthar na Seirbhísí

Ainm na Seirbhíse	I mBéarla Amháin	I nGaeilge Amháin	Go Dátheangach
An Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta Um Tiománaithe & Feithiclí (DVCSD)			✓
Tarlú Bóthair			✓
Garda Cóstá na hÉireann (IRCG)			✓
Oifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO)			✓
Oifig na Loingis Thráchtála (MMO)			✓
An tAonad Saorála Faisnéise			✓
Seirbhís do Chustaiméirí			✓

#### Soláthar na Seirbhísí i gceantair Ghaelachta

Ainm na Seirbhíse	I mBéarla Amháin	I nGaeilge Amháin	Go Dátheangach
Garda Cóstá na hÉireann (IRCG)			✓



## Caibidil 4: Feabhas a chur ar sholáthar Seirbhísí Gaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha atá scáthaithe i liath sa tábla thíos

Modhanna Cumarsáide leis an bPobal	Gealltanais
<b>Fógraí Béil Taifeadta</b>	<p>Beidh na fógraí béil taifeadta seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógraí béil taifeadta a sholáthraítear ar an teileafón nuair a dhúntar oifigí an chomhlachta phoiblí;</p> <p>(b) Fógairtí taifeadta béil arna dtarchur ag córas fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí béil taifeadta a cruthaíodh agus a tarchuireadh trí chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó trí chóras ríomhairithe um fhreagairt teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta' seachas le 'fógraí beo'.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, ta sé riachtanach don chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid i bhfógraí taifeadta béil a rinne sé nó a déanadh ar a shon.</p>
<b>Cumarsáid Scríofa</b>	<p><b>Litreacha agus Ríomhphoist</b> Freagrófar gach cumarsáid scríofa sa teanga oifigiúil ina bhfaightear í. <b>Éigeantach</b></p> <p><b>Páipéarachais</b> Cuirtear ceannteidil páipéarachais, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, <b>Éigeantach</b></p>

<b>Comharthaí</b>	<b>Comharthaí</b>	bileoga clúdaigh facts, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	
		Ní mór gach comhartha a thaispeánann an Roinn Iompair nó ar a shon a bheith i nGaeilge nó go dátheangach, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008).	Éigeantach
	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla san am céanna.	Éigeantach
<b>Foilseacháin</b>	<b>Imlitreacha/Cor Poist</b>	I gcás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó tríd an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge atá an chumarsáid.	Éigeantach
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha Gaeltachta</b>	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

**Déanfaidh an Roinn Iompair na liostaí gníomhartha seo a leanas faoi gach seirbhís freisin.**

Modhanna Cumarsáide leis an bPobal	Gealltanús	Líne Ama Deireadh Bln 1/ Bln 2 / Bln 3
<b>Fógairtí Béil/Cumarsáid Scríofa</b>	<b>Fáiltiú</b>  Beidh fáilteoir amháin ar a laghad ann i gcónaí a bheidh in ann cabhrú leis an bpobal rochtain a fháil ar sheirbhís trí Ghaeilge, cibé ar an teileafón, ar líne nó duine le duine.	<b>Bliain 1-3</b>
	<b>Duine le Duine/ Seirbhís Cuntair</b>  Lena gcomhaontú, leanfaidh baill foirne a bhfuil sé ar a gcumas seirbhís idirphearsanta Gaeilge a sholáthar á n-aithint ar bhealach iomchuí ar liostaí teileafóin, ag an bhfáiltiú agus ar chairt na heagraíochta, agus áireofar a seoltaí ríomhphoist faoi rannáin ábhartha ar an suíomh Gréasáin. Ina theannta sin, leanfar le deasc chabhrach tiomnaithe do ghlaiteoirí trí Ghaeilge agus cuirfear seoladh ríomhphoist speisialta (gaeilge@transport.gov.ie) ar fáil chun déileáil le ceisteanna trí Ghaeilge.	<b>Bliain 1-3</b>
	<b>Lasc-chlár</b>  Beidh oibrí lasc-chláir amháin ar a laghad ann i gcónaí a bheidh in ann cabhrú leis an bpobal rochtain a fháil ar sheirbhís trí Ghaeilge, cibé ar an teileafón, ar líne nó duine le duine.	<b>Bliain 1-3</b>
	<b>Seirbhísí Teileafóin leis an bpobal</b>  1) Ó dháta tosaithe na Scéime, leanfaidh an fhoireann lasc-chláir agus fáiltithe ar aghaidh le hainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla.  2) Leanfar le liosta suas chun dáta de na baill foirne a bhfuil an cumas acu déileáil leis an bpobal trí Ghaeilge a chur ar fáil do na hoibreoirí Lasc-chláir agus don fhoireann Fáiltithe. Leanfar leis an liosta seo a úsáid	<b>Bliain 1-3</b>

chun daoine den phobal a chur i dteagmháil le hoifigigh atá cumasach sa Ghaeilge.

3) I gcás glaoch i nGaeilge nach féidir a fhreagairt láithreach i nGaeilge, leanfaimid orainn ag tairiscint glaoch ar ais laistigh de lá amháin oibre. Cuirfear socruithe cuí i bhfeidhm ionas gur féidir leo baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

4) Cuirfear oiliúint athnuachana maidir le fiosruithe teileafóin a fhreagairt i nGaeilge ar fáil ar bhonn deonach do na hoibritheoirí lasc-chláir agus don fhoireann fáiltithe.

**Fógairtí Béil  
Taifeadta**

1) Leanfar leis an bhfógra béil ar lasc-chlár na Roinne a chur ar fáil go dátheangach. **Bliain 1-3**

2) Leanfar le teachtaireachtaí glórphoist aonair a chur ar fáil go dátheangach nuair is féidir leis an duine seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

3) Leanfaidh córais glórphoist na Roinne a bheith go hiomlán ábalta na teachtaireachtaí Gaeilge a láimhseáil agus leanfar le glórphoist chineálacha Gaeilge a chur ar fáil go dátheangach ar an gcóras.

**Eile**

1) Cuirfidh an Roinn liosta de na cuideachtaí agus na daoine aonair ar bronnadh teastas creidiúnaithe ó Fhoras na Gaeilge orthu ar fáil do gach ball foirne maidir le soláthar seirbhísí aistriúcháin ag ardleibhéal. **Bliain 1-3**

**Bileoga Eolais/  
Bróisiúir**

Déanfar gach bileog eolais phoiblí arna táirgeadh ag an Roinn a chur ar fáil go dátheangach **Bliain 1-3**

**Foirm Iarratais**

Déanfar gach foirm iarratais phoiblí arna táirgeadh ag an Roinn a chur ar fáil go dátheangach **Bliain 1-3**

**Foilseacháin**

Cinnteoídh an Roinn go leanfar le Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise na Roinne a fhoilsiú go dátheangach de réir cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

**Bliain 1-3**

Go ginearálta, is i mBéarla amháin a bheidh doiciméid thaighde, tuarascálacha coistí, grúpaí oibre, moltaí, doiciméid dírithe ar lucht léite lasmuigh den Stát, doiciméid de chineál teicniúil agus doiciméid eile nach bhfuil sonraithe faoi réimse Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Sa chás go bhfuil foilseacháin de chuid comhlachtaí eile ar fáil ón Roinn, beidh na foilseacháin sin sa teanga ina bhfuil siad foilsithe ag an Roinn nó ag an gcomhlacht a chruthaigh iad.

**Preasráitis**

- 1) Beidh 30% de phreasráitis na Roinne ar fáil go dátheangach. Déanfar preasráitis na Roinne atá aistrithe a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga.
- 2) Beidh 100% de phreasráití a bhaineann go sonrach le ceantar Gaeltachta dátheangach.
- 3) Beidh líon níos airde Preasráiteas le linn Seachtain na Gaeilge dátheangach.

**Bliain 1-3**

**Urlabhraithe**

Nuair is féidir, ba chóir urlabhraí a chur ar fáil atá in ann agallamh a chur ar na meáin chumarsáide trí mheán na Gaeilge.

**Bliain 1-3**

**Óráidí**

- 1) Ag ócáidí poiblí, úsáidfear an Ghaeilge mar chuid den ócáid sin le linn fáiltithe, óráidí, nó cainteanna eile chun freastal ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta

**Bliain 1-3**

**Teicneolaíocht  
Faisnéise**

	2) Déanfaimid ár ndícheall gné Ghaeilge a chur le gach óráid nó ráiteas a dhéanfaidh an tAire nó an tAire Stáit.	
<b>Eile</b>	1) Nuair is féidir beidh fógraí dátheangach. 2) I gcás cuntais ar na meáin shóisialta, déanfaidh an Roinn a dícheall postáil go dátheangach chomh minic agus is féidir.	<b>Bliain 1-3</b>
<b>Ríomhphost</b>	1) Leanfar le teachtaireachtaí caighdeánacha ar ríomhphost na Roinne, mar an séanadh freagrachta, a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. 2) Leanfar le teachtaireachtaí go bhfuiltear amuigh as oifig a chur ar fáil go dátheangach nuair is féidir leis an duine atá i gceist seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. 3) Leanfar le seoladh ríomhphoist ginearálta a bhaineann le ceisteanna Roinne ( <a href="mailto:gaeilge@transport.gov.ie">gaeilge@transport.gov.ie</a> ) a chur ar fáil i nGaeilge. 4) Nuair is féidir, beidh seoltaí ríomhphoist corparáideacha dátheangach.	<b>Bliain 1-3</b>
<b>Láithreáin Gréasáin</b>	1) Tá sé mar aidhm againn ainmneacha fearainn a sholáthar dár láithreáin ghréasáin go dátheangach, nuair is infheidhme.  2) <a href="http://www.gov.ie/transport">www.gov.ie/transport</a> Déanfar an leagan Gaeilge de phríomhláithreán gréasáin na Roinne <a href="http://www.gov.ie/transport">www.gov.ie/transport</a> a nuashonrú tuilleadh lena chinntiú go mbeidh sé ar chomhchéim leis an láithreán gréasáin Béarla	<b>Bliain 1-3</b>

maidir le struchtúr an láithreáin agus le heolas ginearálta faoin Roinn a bheith a fáil air.

3) [www.motortax.ie](http://www.motortax.ie)

Leanfar ag cur eolais ar fáil ar an láithreán maidir le mótarcháin, lena n-áirítear eolas ginearálta faoi chúrsaí mótarchánach ar bhonn dátheangach.

4) [www.motortrans.ie](http://www.motortrans.ie)

Leanfar ag cur eolais ar fáil ar an láithreán gréasáin do dhéileálaithe mótaí ar bhonn dátheangach i dtaca le hathrú ar chúrsaí úinéireachta feithiclí. Feidhmeoidh sé freisin mar láithreán gréasáin idirghníomhach dátheangach do dhéileálaithe mótaí. Má bhíonn an Roinn in ann seirbhísí idirghníomhacha eile a chur ar fáil le linn shaolré na Scéime seo, tabharfar iad sin isteach go comhuaineach sa dá theanga faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil agus ar bhonn cás gnó inmharthana.

**Ríomhchórais**

1) I gcás na gcóras TFC atá ann faoi láthair (i.e. **Bliain 1-3** córais ríomhaireachta agus teileafóin araon), sa chás gur aithníodh riachtanas Gaeilge roimhe seo agus gur déanadh soláthar ina leith, déanfar sin a chionneáil amach anseo.

2) Tráth a mbeidh uasghrádú á dhéanamh ar an gcóras TFC / ar chláir athsholáthair nó a mbeidh feidhmchláir nua gnó á bhforbairt, déanfar an gá atá le cumas Gaeilge a mheas. Déanfar cumas Gaeilge ar chórais, cibé an crua-earraí agus / nó bogearraí atá i gceist, a chur ar fáil sa chás go bhfuil argóint gnó inmharthana ann é a dhéanamh.

3) Cuirfidh an Roinn bogearraí seiceála litrithe ar fáil nGaeilge a oibreoidh in éineacht lena bhfeidhmchlár tionscail reatha ar bhonn cás ar chás de réir mar is gá.

4) Beidh córais ríomhaireachta sa Roinn in ann glacadh le hiontrálacha i nGaeilge

**Seirbhísí**

Beidh gach aip a fhorbróidh an Roinn Iompair

**Bliain 1-3**

**Idirghníomhacha**

dátheangach

**Logainmneacha**

Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.

**Bliain 1-3**



## **Caibidil 5: Feabhas a chur ar sholáthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta**

Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta agus a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre in oifigí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta faoi dháta áirithe.

Níl aon oifigí ag an Roinn Iompair faoi láthair atá lonnaithe sna ceantair Ghaeltachta. Má osclaíonn oifig sa Ghaeltacht amach anseo, áfach, cinnteoidimid go mbeidh an Ghaeilge ar cheann de theangacha oibre na hoifige.

## Caibidil 6: Cumas Gaeilge a Fheabhsú

### 6.1 Earcaíocht

Beidh earcú foirne a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta sa Ghaeilge acu i ngach réimse d'obair An Roinn Iompair mar phríomh-mhodh chun infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge a bharrfheabhsú. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir chreat na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe, ar an ngá atá le cumas Gaeilge a fheabhsú ar bhonn incriminteach.

Cuirfear pacáiste ionductúcháin ar fáil do gach ball foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe chun a chinntiú go gcuirfear ar an eolas iad faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

### 6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá an Roinn Iompair tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Cuirfidh gach ball foirne ar an eolas faoi áiseanna/deiseanna atá ar fáil chun feabhas a chur ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge.

Cumas Gaeilge a Fheabhsú		Gealltanais	Líne Ama
			Deireadh Bln 1/ Bln 2 / Bln 3
	<b>Earcaíocht</b>	1) Beidh earcú foirne a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta sa Ghaeilge acu i ngach réimse d'obair An Roinn Iompair mar phríomh-mhodh chun infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge a bharrfheabhsú. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir chreat na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe, ar an ngá atá le cumas Gaeilge a fheabhsú ar bhonn incriminteach.	<b>Bliain 1-3</b>
	<b>Oiliúint</b>	1) Tacú le cúrsaí oiliúna Gaeilge cuí a chur ar fáil don fhoireann	<b>Bliain 1-3</b>

**Rannpháirtíocht i  
ngníomhaíochtaí cur chun  
cinn teanga /Soláthar  
acmhainní**

2) Comhairle a chur ar fáil don fhoireann maidir le raon na ranganna Gaeilge ar ardchaighdeán atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige (m.sh. dioplóma tríd leibhéal sa Ghaeilge, Gael Chultúr, Gael-Linn, srl.)

3) Measúnú a dhéanamh ar gach cúrsa, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge, ar bhonn rialta lena mheas cé chomh héifeachtach is atá siad ó thaobh spriocanna na Roinne a bhaint amach

1) Feasacht teanga a chur ar fáil trí chúrsaí oiliúna ionductúcháin agus seirbhís do chustaiméirí lena chinntiú

**Bliain 1-3**

- go mbeidh tuiscint ag an

bhfoireann ar an gcúis go bhfuil

beartas seirbhísí Gaeilge á

fhorbairt ag an Roinn

- go mbeidh tuiscint ag an

bhfoireann ar chomhthéacs agus ar

chúlra an bheartais

- go mbeidh an fhoireann ar an

eolas faoin tionchar a bheidh ag an

mbeartas ar a gcuid oibre

2) An scéim aisíoc táillí a chur chun cinn mar mheicníocht chun spreagadh a thabhairt d'oiliúint sa Ghaeilge ag brath ar na baill foirne sin a bheith ar fáil chun seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil

3) Comhairle a chur ar fáil don fhoireann maidir le raon na ranganna Gaeilge ar ardchaighdeán atá ar fáil lasmuigh

d'uaireanta oifige (m.sh. dioplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge, Gael Chultúr, Gael-Linn, srl.)

4) Socruithe a chur i bhfeidhm maidir le hócáid bhliantúil Seachtain na Gaeilge laistigh den Roinn a cheiliúradh ar bhealach cuí

**Eile**

- 1) Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna **Bliain 1-3** chun soláthar Seirbhísí Roinne breise trí Ghaeilge a spreagadh.
- 2) Cuirfidh an Roinn liosta de na cuideachtaí agus na daoine aonair ar bronnadh teastas creidiúnaithe ó Fhoras na Gaeilge orthu ar fáil do gach ball foirne maidir le soláthar seirbhísí aistriúcháin ag ardleibhéal.

### 6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Ainmníodh na poist atá liostaithe thíos mar phoist a bhfuil riachtanas inniúlachta Gaeilge acu. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán chreidiúnaithe shonraithe bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i nGaeilge, i gcomhréir le freagrachtaí an phoist. Agus na poist seo á n-ainmniú, tá machnamh ar leith déanta ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe lasmuigh de cheantair Ghaeltachta ach a bhfuil pobail Ghaeltachta agus/nó Gaeilge á labhairt ag lion ard de na custaiméirí.

Teideal an phoist.	Suíomh	Gaeltacht/ Pobal na Gaeilge ar a bhfreastalaítear	Caighdeán Gaeilge atá de dhíth a léiriú (roghnaigh ó bhunúsach, idirmheánach nó ardleibhéal)
Oifigeach na Gaeilge	An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachas Gníomhaireachta	Níl	Ardleibhéal

Tacaíocht Oifigeach Gaeilge	An Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta Um Tiománaithe & Feithiclí	Níl	Ardleibhéal
--------------------------------	--	-----	-------------

## Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Aonad na Gaeilge atá mar chuid den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachas Gníomhaireachta sa Roinn Iompair monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta. Is é Oifigeach Gaeilge na Roinne an duine teagmhála don scéim agus is féidir teagmháil a dhéanamh ag [gaeilge@transport.gov.ie](mailto:gaeilge@transport.gov.ie).

Beidh córas foirmiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar fáil agus taifeadfar é inár dTuarascáil Bhliantúil. Leanfaidh an tOifigeach Gaeilge ag tabhairt tacaíocht agus cúnamh do gach réimse den Roinn maidir leis na gealltanais atá sa Scéim seo agus is air a thitfidh sé monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime. Is iad Cinn na nAonad a dhéanfaidh monatóireacht agus cur i bhfeidhm ó lá go lá maidir leis na Rannáin a bhfuil siad freagrach astu. Leanfaidh Aonad na Gaeilge chomh maith ag déanamh monatóireacht ar sholáthar agus éileamh seirbhísí trí Ghaeilge ar fud gach réimse den Roinn ar bhonn tréimhsiúil.

Leanfaidh an tAonad ag tuairisciú ar dhul chun cinn chuig an mBord Bainistíochta gach 6 mhí i ndáil le gealltanais na Scéime a bheith á gcomhlíonadh ag Rannáin agus le héileamh ar sheirbhísí Gaeilge.

### **Ról Aonad na Gaeilge**

Cinntoidh an Roinn go mbeidh ról faoi leith ag Aonad na Gaeilge i dtaca leis an méid seo a leanas;

- Cabhrú le beartas Gaeilge sa Roinn a fhorbairt
- Imeachtaí Gaeilge a eagrú de réir mar is gá d'fhoireann na Roinne
- Clár sóisialta agus áineasa a eagrú a chuireann le húsáid na Gaeilge i bhfoirgneamh na Roinne
- Infheictheacht na Gaeilge a fheabhsú agus deiseanna a sholáthar do bhaill foirne ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt
- Monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú chuig an mBord Bainistíochta maidir le comhlíonadh ghealltanais na scéime agus forálacha eile an Achta Teanga

## Caibidil 8: An Scéim Chomhaontuithe a Phoibliú

Déanfar an scéim seo a phoibliú go himheánach agus go seachtrach, trí phreasráiteas i dtosach. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfear é ar gach ball foirne agus gníomhaireacht chuí. Is féidir bealaí eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tógfaimid gach deis inár idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraímid trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, trí:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint ag an bhfáiltiú a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil
- Na seirbhísí sin a liostáil ar bhealach feiceálach ar ár láithreán gréasáin
- A chur in iúl ar threoirínite, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge chomh maith, mura bhfuil siad curtha i láthair go dátheangach
- Suntasacht chomhionann a thabhairt d'ábhar Gaeilge agus Béarla

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

## **Aguisíní**

### **Aguisín 1 – Suíomhanna agus Sonraí Teagmhála na Ranna**

#### **Ceannoifig:**

Seoladh Poist: An Roinn Iompair, Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2, D02TR6

Láithreán Gréasáin: [www.gov.ie/transport](http://www.gov.ie/transport)

Ríomhphost: [info@transport.gov.ie](mailto:info@transport.gov.ie)

Fón: 01 6707444 nó ÍosGhlao 0761 001601

(Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh na rátaí a ghearrtar ar úsáid uimhir 0761 a bheith difriúil i measc soláthraithe seirbhíse éagsúla agus go mbeidh siad i bhfad níos mó ó fhón póca.)

Uaireanta Oscailte: Luan go Déardaoin 9.15am to 5.30pm

Dé hAoine 9.15am to 5.15pm

#### **Oifig na Sionainne – Mótarcháin, Teastais Cláraithe Feithicle agus Athrú ar Úinéireacht Feithiclí**

Seoladh Poist: An Rannóg Seirbhíse Ríomhaireachta Um Tiománaithe & Feithiclí, Lár Bhaile na Sionna, An tSionainn, Co. an Chláir, V14P298

Láithreán Gréasáin: [www.motortax.ie](http://www.motortax.ie)

Ríomhphost: [Motortax@transport.gov.ie](mailto:Motortax@transport.gov.ie)

Facs: 061 365053

Fón: 0818 411 412 nó +353 818 411412 (lasmuigh d'Éirinn)

(Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh na rátaí a ghearrtar ar úsáid uimhir 0818 a bheith difriúil i measc soláthraithe seirbhíse éagsúla agus go mbeidh siad i bhfad níos mó ó fhón póca.)

#### **Oifig Baile Locha Riach – An tAonad Ceadúnú Oibreora um Iompar Bóthair**

Seoladh Poist: An Roinn Iompair, Teach Chluain Fearta, Sráid Bhríde, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe, H62ET93

Láithreán Gréasáin: [www.rtol.ie](http://www.rtol.ie)

Ríomhphost: [rtol@transport.gov.ie](mailto:rtol@transport.gov.ie)

Fón: ÍosGhlao 0761 001601 or +353 1 6707444 (lasmuigh d'Éirinn)

(Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh na rátaí a ghearrtar ar úsáid uimhir 0761 a bheith difriúil i measc soláthraithe seirbhíse éagsúla agus go mbeidh siad i bhfad níos mó ó fhón póca.)